**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia*

**2020/2074(INI)**

10.12.2020

# TUAIRIM

ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

chuig an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach

maidir leis an mBeartas Comhtháthaithe agus straitéisí comhshaoil réigiúnacha sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide
(2020/2074(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Susana Solís Pérez

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an Beartas Comhtháthaithe, cistiú comhtháthaithe agus straitéisí comhshaoil réigiúnacha sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus chun ár ngealltanais faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh; á chur i bhfáth, ós rud é gurb é príomhbheartas infheistíochta an Aontais é agus go bhfuil sé ar cheann de na príomhfhoinsí tacaíochta ón Aontas d’fhormhór na mBallstát, gur cheart an Beartas Comhtháthaithe a bheith ailínithe go hiomlán le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais, agus a áirithiú go háirithe go n-urramófaí sna tionscadail uile atá cistithe ag an Aontas an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ mar a leagtar amach sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht é; á chur in iúl gur geal léi cuspóir beartais 2 (PO2) de Rialachán nua na bhForálacha Coiteanna atá molta, mar a leagtar amach in Airteagal 4(1)(b) de, a bhfuil sé mar aidhm leis go mbunófaí ‘Eoraip athléimneach, níos glaise, a fheidhmeoidh ar bheagán carbóin agus a aistreoidh chuig geilleagar carbóin glan-nialasach, trí aistriú fuinnimh glan agus cóir, infheistíocht ghlas agus ghorm, an geilleagar ciorclach, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú aeráide agus cosc agus bainistiú rioscaí a chur chun cinn’;

2. á iarraidh go ndéanfaí beartais uaillmhianacha chomhshaoil, aeráide agus forbartha a chruthú ar an leibhéal réigiúnach lena gcuirfear le Clár Oibre 2030, le Comhaontú Glas don Eoraip, le Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais do 2030, agus le Creat Aeráide agus Fuinnimh 2030; á mheas gur cheart don Bheartas Comhtháthaithe agus do PO2 go háirithe rannchuidiú go hiomlán le sprioc aeráide 2030 níos uaillmhianaí an Aontais agus leis an gcuspóir chun astaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha a bhaint amach a luaithe is féidir agus faoi 2050 ar a dhéanaí, mar a leagtar amach i seasamh na Parlaiminte maidir an Dlí Aeráide Eorpach; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) chun go mbainfear amach an cuspóir go mbainfidh 30 % d’infheistíochtaí nua le caiteachas a bhaineann leis an aeráid agus 10 % le caiteachas a bhaineann leis an mbithéagsúlacht, agus maidir lena ról sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) eile agus in ionstraimí cistí téarnaimh; á mheabhrú gur cheart go dtacódh 35 % ar a laghad d’acmhainní faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus 40 % faoin gCiste Comhtháthaithe le cuspóirí aeráide an Aontais; ag tabhairt dá haire gur céim thábhachtach é an comhaontú ón gComhairle Eorpach go dtabharfar 30 % ar a laghad de CFRE chun rannchuidiú le cuspóir an bheartais ‘Eoraip níos Glaise’; á mholadh don Choimisiún comhtháscairí aschuir agus ionchuir a bhunú chun a áirithiú go mbainfidh tionscadail cuspóirí aeráide AE amach, agus na critéir a leagtar síos leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíochta á gcur i bhfeidhm i gcás inarb infheidhme ; á chur i bhfáth nach bhféadfar aon duine a fhágáil ar leataobh san aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe aeráidneodrach agus nach mór é a bhaint amach trí bhearta ina mbeidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha i gcomhoiriúint le cosaint an chomhshaoil agus lena gcruthófar fostaíocht ardcháilíochta san fhadtéarma;

3. á thabhairt chun suntais an ról a fhéadfaidh a bheith ag an mBeartas Comhtháthaithe,

*inter alia*, chun aistriú digiteach agus glas a chur chun cinn chun dul i dtreo geilleagar níos ciorclaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus atá tíosach ar fhuinneamh agus ar acmhainní, agus lena gcuirtear ar fáil réitigh inbhuanaithe i dtaobh laghdú dramhaíola, bainistiú uisce, éifeachtúlacht fuinnimh, athchóiriú foirgneamh, fuinneamh inathnuaite a fhorbairt, astaíochtaí a laghdú, an t-aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, caillteanas bithéagsúlachta agus díghrádú éiceachórais; á iarraidh go mbeadh an chéad ghlúin eile den Bheartas Comhtháthaithe aeráid-díonach agus á chreidiúint nár cheart aon chlár a bhfuil tionchar diúltach aige ar na hiarrachtaí chun spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach a mhaoiniú ná tacaíocht a thabhairt dó faoin mBeartas Comhtháthaithe; á chur in iúl gur geal léi gur tugadh isteach ionstraim maidir le díonadh ar an athrú aeráide sa Bheartas Comhtháthaithe don tréimhse 2021-2027;

4. á chur i bhfios go láidir an ról straitéiseach atá ag fuinneamh inathnuaite, inbhuanaithe agus díláraithe i dtaobh críocha agus a bhfiontar a fhorbairt, go háirithe FBManna; ag cur béim ar acmhainneacht fuinnimh inathnuaite na réigiún forimeallach agus na réigiún is forimeallaí a bhaineann lena saintréithe geografacha agus aeráide; á thabhairt chun suntais an Beartas Comhtháthaithe maidir le feabhas a chur ar úsáid foinsí inathnuaite agus ar infhaighteacht foinsí fuinnimh ghlain, go háirithe chun tacú le húsáid foinsí malartacha fuinnimh, amhail hidrigin ghlan;

5. á áitiú go ndéanfaí forbairt chothrom, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach ar an Aontas tríd an mBeartas Comhtháthaithe ina gcuirtear san áireamh sainiúlachtaí agus riachtanais na mBallstát uile, a réigiún agus a saoránach; á iarraidh go mbeadh ról níos mó ag an mBeartas Comhtháthaithe, i gcomhar le beartais eile de chuid an Aontais agus i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta nó réigiúnacha cosanta sibhialta, chun tacú le hiarrachtaí coiscthe riosca dul in oiriúint d’iarmhairtí an athraithe aeráide atá ann agus a bheidh ann amach anseo, agus aird ar leith á tabhairt ar na limistéir is leochailí, amhail na hoileáin, na limistéir cois cósta agus na réigiúin is forimeallaí, a bhfuil tuilleadh deacrachtaí ag baint leo mar gheall ar a suíomh geografach, trí chur chuige atá bunaithe ar an éiceachóras, trí bhonneagar nua a fhorbairt nó bonneagar atá ann cheana aisfheistiú agus trí bhearta athléimneachta ó thubaistí a ghlacadh ar na leibhéil réigiúnacha agus áitiúla, agus na spriocanna a bhaineann leis an mbithéagsúlacht á gcur san áireamh go hiomlán agus ag rannchuidiú leo; á iarraidh go mbunófaí sásraí éifeachtacha maidir le comhar réigiúnach agus idir-réigiúnach i réimse na dtubaistí nádúrtha a chosc, i.e. acmhainn freagartha, bainistithe agus cúnaimh fhrithpháirtigh i gcás tubaistí; á iarraidh go ndéanfaí tástálacha struis ar oiriúnú don athrú aeráide ar thionscadail arna gcistiú ag an Aontas a mheastar a bheith an-leochaileach i dtaobh thionchair an athraithe aeráide;

6. ag aithint ról lárnach na n-údarás réigiúnach i mbainistiú rathúil beartas comhshaoil agus forbartha; ag aithint an tábhacht a bhaineann le tionscnaimh earnála áit-bhunaithe chun inbhuanaitheacht shóisialta agus chomhshaoil a bhaint amach i ngach áit trí mheascáin shaincheaptha beartais, agus á mholadh go n-úsáidfí ionstraimí amhail tionscadail forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail agus Infheistíochtaí Críochacha Comhtháite chun rialachas il-leibhéil tionscnamh a chur chun cinn chun an t-athrú aeráide a chomhrac; á chur i bhfáth nach amháin go mbeadh tionchar láidir ar an ngeilleagar dá ndéanfaí cistí a leithdháileadh chun oiriúint do bhearta atá oiriúnaithe go háitiúil agus go réigiúnach, ach go mbeadh éifeacht ghríosaithe aige freisin ar

rannpháirtíocht an phobail sna struchtúir rannpháirtíochta; á mholadh comhpháirtíochtaí príobháideacha-poiblí agus cumasc breise idir Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (SIE) agus cláir eile, amhail Fís Eorpach, chun réitigh nuálacha a fhorbairt chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus chun geilleagar Eorpach níos athléimní agus níos inbhuanaithe a chruthú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na húdaráis bhainistíochta na nósanna imeachta a bhaineann leis an mBeartas Comhtháthaithe a shimpliú chun a áirithiú gur féidir le gníomhaithe príobháideacha, agus go háirithe FBManna, rochtain a fháil ar chistiú AE faoin mBeartas Comhtháthaithe; á mheabhrú agus á chur in iúl gur díol sásaimh di, sa chomhthéacs sin, uaillmhian an Choimisiúin an Comhshocrú Aeráide Eorpach a sheoladh;

7. á thabhairt chun suntais sa togra a leag an Coimisiún amach i Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais do 2030 gur cheart do chathracha ina bhfuil 20 000 áitritheoir ar a laghad pleananna don ghlasú uirbeach a ullmhú chun foraoisí, páirceanna agus gairdíní uirbeacha, feirmeacha uirbeacha, díonta agus ballaí glasa, agus sráideanna a bhfuil crainn ar gach taobh, a chruthú atá bithéagsúil agus inrochtana; á athdhearbhú an tionchar dearfach atá ag beart den sórt sin ar an micraeráid uirbeach agus ar an tsláinte, go háirithe ar ghrúpaí leochaileacha; á mholadh go ndéanfaí an ghníomhaíocht sin agus á iarraidh go mbainfí leas as uirlisí beartais, rialála agus airgeadais chun í a chur chun feidhme;

8. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé go mbeadh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha rannpháirteach i ndréachtú na bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide (NECPanna) agus na bpleananna críochacha um aistriú cóir chun tosaíochtaí fuinnimh agus aeráide AE a chomhlíonadh, na gealltanais idirnáisiúnta faoi Chomhaontú Pháras a chur i gcrích, agus na gnéithe sóisialta den aistriú a chur san áireamh; á thabhairt chun suntais go bhfuil ról ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus ag gníomhaithe príobháideacha amhail FBManna ó thaobh maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó; á iarraidh ar an gCoimisiún rialachas il-leibhéil éifeachtach a neartú maidir le pleanáil agus cur chun feidhme gníomhaíochta, idirphlé struchtúrtha a ráthú leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, agus ailíniú agus comhlántacht pleananna gníomhaíochta aeráide agus fuinnimh agus bearta ar fud leibhéal an rialtais a áirithiú, chun feabhas a chur ar an gcomhordú i measc na mBallstát agus ar an trédhearcacht maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an aeráid agus le fuinneamh, faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i dtaobh aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus treoir theicniúil agus tacaíocht a chur ar fáil chun cistí agus forbairt acmhainní a shlógadh;

9. á iarraidh gurb ann do straitéisí iomlánaíocha maidir le lánpháirtiú réigiúnach chun forbairt inbhuanaithe a ráthú, iarmhairtí an athraithe aeráide a mhaolú agus rannchuidiú go hiomlán le cuspóirí Chomhaontú Pháras; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé go mbeifear ag brath ar straitéisí um speisialtóireacht chliste chun buntáistí iomaíocha láidre a fhorbairt agus chun sineirgí a bhunú idir réigiúin éagsúla de chuid an Aontais agus idir na Ballstáit trí Sprioc an Chomhair Chríochaigh Eorpaigh d’fhonn freagraí Eorpacha ar dhúshláin athraithe aeráide a fhorbairt;

10. á aithint go ndéanann an Beartas Comhtháthaithe difear go díreach do cháilíocht saoil shaoránaigh AE agus go gcabhraíonn sé leo dul i ngleic le dúshláin nua, amhail athruithe déimeagrafacha, an t-aistriú tionsclaíoch agus an t-athrú aeráide;

11. á thabhairt chun suntais go bhfuil dúshláin thromchúiseacha roimh an Aontas, go háirithe i réimse an téarnaimh eacnamaíoch, agus go mbeidh ról an Bheartais Chomhtháthaithe bunriachtanach sa chomhthéacs sin;

12. á áitiú go ndéanfaí forbairt chothrom, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach ar an Aontas tríd an mBeartas Comhtháthaithe ina gcuirtear san áireamh sainiúlachtaí agus riachtanais na mBallstát uile, a réigiún agus a saoránach;

13. ag cur béim ar an bhfíoras go gcaithfidh bearta a bheith sna beartais chomhshaoil réigiúnacha chun oiriúnú don damáiste a tharlaíonn de dheasca iarmhairtí diúltacha dosheachanta an athraithe aeráide, ar cheart forálacha na mbeart sin a ionchorprú i ngach réimse beartais ábhartha eile;

14. á mheabhrú gur gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bheartais lena gcruthófar dálaí oibre agus maireachtála níos fearr agus lena gcuideofar le cosaint an chomhshaoil agus leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide chun feabhas a chur ar cháilíocht beatha shaoránaigh an Aontais;

15. á mheabhrú go bhféachann an Beartas Comhtháthaithe le neamhionannais chríochacha ar fud an Aontais a laghdú agus forbairt eacnamaíoch sna réigiúin is lú forbairt a chothú; á mheas, dá bhrí sin, gur gá an Ciste Comhtháthaithe a chaitheamh ar bhealach éifeachtach dírithe, i réigiúin ina bhfuil geilleagair ar mó a lorg carbóin;

16. á chur i bhfáth go bhfuil sé fíorthábhachtach go gcuidíonn cistiú comhtháthaithe le réigiúin ar mór a lorg carbóin chun gur neasaide bonneagar fuinnimh ghlain agus saor ó charbóin, rud nach bhfuil ráthaithe go fóill in ainneoin na bhforbairtí dearfacha a rinneadh le blianta beaga anuas.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 1.12.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 64<br>–: 16<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nikos Androulakis, Margrete Auken, Simona Baldassarre, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurelia Beigneux, Monika Beňová, Sergio Berlato, Alexander Bernhuber, Malin Björk, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Esther de Lange, Christian Doleschal, Marco Dreosto, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Eleonora Evi, Agnès Evren, Pietro Fiocchi, Andreas Glück, Catherine Griset, Jytte Guteland, Teuvo Hakkarainen, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Yannick Jadot, Adam Jarubas, Petros Kokkalis, Athanasios Konstantinou, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Peter Liese, Sylvia Limmer, Javi López, César Luena, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Joëlle Mélin, Tilly Metz, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Dan-Ştefan Motreanu, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Grace O'Sullivan, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Luisa Regimenti, Frédérique Ries, Sándor Rónai, Rob Rooken, Silvia Sardone, Christine Schneider, Günther Sidl, Ivan Vilibor Sinčić, Linea Søgaard-Lidell, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds, Edina Tóth, Véronique Trillet-Lenoir, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Pernille Weiss, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Sven Giegold, Karin Karlsbro, Ulrike Müller, Andrey Slabakov |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 64 | + |
|---|---|
| EPP | Traian Băsescu, Alexander Bernhuber, Nathalie Colin-Oesterlé, Christian Doleschal, Agnès Evren, Adam Jarubas, Ewa Kopacz, Esther de Lange, Peter Liese, Fulvio Martusciello, Liudas MažyliS, Dolors Montserrat, Dan-Ştefan Motreanu, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Christine Schneider, Edina Tóth, Pernille Weiss, Michal Wiezik |
| S&D | Nikos Androulakis, Marek Paweł Balt, Monika Beňová, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Cyrus Engerer, Jytte Guteland, Javi López, César Luena, Alessandra Moretti, Sándor Rónai, Günther Sidl, Petar Vitanov, Tiemo Wölken |
| RENEW | Pascal Canfin, Andreas Glück, Martin Hojsík, Jan Huitema, Karin Karlsbro, Ulrike Müller, Frédérique Ries, Nicolae Ştefănuță, Linea Søgaard-Lidell, Nils Torvalds, Véronique Trillet-Lenoir |
| GREENS/<br>EFA | Margrete Auken, Bas Eickhout, Sven Giegold, Pär Holmgren, Yannick Jadot, Tilly Metz, Ville Niinistö, Grace O'SullivaN |
| GUE/NGL | Malin Björk, Anja Hazekamp, Petros Kokkalis, Silvia Modig, Mick WallacE |
| NI | Eleonora Evi, Athanasios Konstantinou, Ivan Vilibor Sinčić |

| 16 | - |
|---|---|
| ID | Simona Baldassarre, Aurelia Beigneux, Marco Dreosto, Catherine Griset, Teuvo Hakkarainen, Sylvia Limmer, Joëlle Mélin, Luisa Regimenti, Silvia Sardone |
| ECR | Sergio Berlato, Pietro Fiocchi, Joanna Kopcińska, Rob Rooken, Andrey Slabakov, Alexandr Vondra, Anna Zalewska |

| 0 | 0 |
|---|---|
| 0 | 0 |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh